Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023
(OR. en)

6845/23
ADD 4

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0046(COD)**

TELECOM 50
COMPET 146
MI 140
IA 32
CODEC 262

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Feabhra 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 47 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a imscaradh agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (An tAcht um Bonneagar Gigighiotáin) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 47 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 47 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2023
SWD(2023) 47 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh Rialachán**

**ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a imscaradh agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (An tAcht um Bonneagar Gigighiotáin)**

{COM(2023) 94 final} - {SEC(2023) 96 final} - {SWD(2023) 46 final}

| BILEOG ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN |
|---|
| **Measúnú tionchair ar an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a imscaradh agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (An Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin) mar thoradh ar an athbhreithniú ar Threoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonacha ardluais a imscaradh** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Maidir le cumhdach iomlán líonraí fíor-ardacmhainneachta, lena n-áirítear imscaradh líonraí snáithín agus 5G, a bhaint amach sna Ballstáit uile, tá dhá dhúshlán le sárú: na costais arda imscartha líonraí agus an t-imscaradh mall leanúnach líonraí. Tá méadú tapa ag teacht ar an éileamh ó theaghlaigh agus ó ghnólachtaí ar nascacht thapa uileláithreach ardcháilíochta ar fud an Aontais, éileamh a láidríodh mar gheall ar phaindéim COVID-19. Ní raibh an Treoir maidir le Costas Leathanbhanda a Laghdú 2014 iomlán éifeachtach chun na costais a laghdú a bhaineann le líonraí leathanbhanda a imscaradh. Is amhlaidh an cás mar gheall go príomha gurb é an toradh ar an tsolúbthacht a tugadh do na Ballstáit gan bearta áirithe a chur chun feidhme nó díolúintí a chur i bhfeidhm cur chur feidhme neamhréireach ar fud an Aontais agus léirmhíniú éagsúil ar fhorálacha áirithe trí réiteach náisiúnta díospóidí agus treoirlínte. Thairis sin, níl uaillmhian ná raon feidhme na Treorach ag teacht le forbairtí margaidh agus teicneolaíocha a thuilleadh. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é is príomhaidhm don Rialachán spriocanna nascachta gigighiotáin na Deacáide Digití a leagadh síos i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin, rannchuidiú le feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh. Chun an cumhdach a mhéadú agus chun imscaradh líonraí fíor-ardacmhainneachta fosaithe agus gan sreang/móibíleacha ar fud an Aontais a éascú, is é an cuspóir atá ann costais a laghdú agus dlús a chur le líonraí fíor-ardacmhainneachta a imscaradh tríd an imscaradh a bharrfheabhsú agus bonneagar fisiceach a athúsáid agus trí nósanna imeachta riaracháin comhsheasmhacha, cuíchóirithe agus digitithe a tharraingt suas chun líonraí a imscaradh ar fud an Aontais. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Léiríodh leis an taithí a fuarthas ag cur na Treorach chun feidhme nach féidir leis na Ballstáit 'spriocanna nascachta an Aontais a bhaint amach astu féin laistigh de thréimhse réasúnta agus leis an úsáid is éifeachtúla á baint as an infheistíocht phríobháideach agus phoiblí'. Tá éagsúlacht mhór le sonrú sna bearta a ghlac na Ballstáit go dtí seo, fiú ó réigiún nó ó bhardas go céile uaireanta. Mar gheall ar an éagsúlacht rialacha sin, cuirtear cosc ar bharainneachtaí scála d'oibreoirí agus cruthaítear bacainní ar an infheistíocht trasteorann. Déanann sé difear freisin d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe i gcás feidhmeanna bunúsacha trasteorann, amhail an tiomáint nasctha uathrialaitheach, a bhfuil infhaighteacht fhorleathan líonra fíor-ardacmhainneachta ag teastáil ina leith. Bíonn na fadhbanna céanna ag formhór na mBallstát, mura mbíonn siad acu uile. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha tosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Rinneadh ceithre rogha bheartais a mheas agus a mheasúnú.<br>• Le **Rogha 1**, ní dhéanfaí ach nuashonrú íosta ar an ionstraim go háirithe, dhíreofaí an raon feidhme ar líonraí níos forbartha agus dhéanfaí forálacha áirithe a neartú agus a shoiléiriú. |

- Cuimsítear a moltar le Rogha 1 in **Rogha 2**; leathnófaí freisin na hoibleagáidí rochtana (agus trédhearcachta gaolmhara) chun sócmhainní bonneagair fhisicigh phoiblí nach *nach cuid den líonra iad* a chumhdach, dhéanfaí foráil maidir le díolúintí áirithe le haghaidh sócmhainní/imscarthaí áirithe líonra fíor-ardacmhainneachta chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna dreasaithe infheistíochtaí agus chuimseofaí bearta nua chun feabhas a chur ar nósanna imeachta um cheadanna a dheonú.
- Le **Rogha 3** chuirfí le Rogha 2 (seachas na díolúintí le haghaidh líonraí fíor-ardacmhainneachta) agus leagfaí síos rialacha nua agus dhéanfaí foráil maidir le treoraíocht ar leibhéal an Aontais chun rochtain ar bhonneagar fisiceach (lena n-áirítear bonneagar laistigh den fhoirgneamh) a shoiléiriú agus maidir le hoibreacha sibhialta a chomhordú. Leathnófaí freisin na hoibleagáidí réamhghníomhacha trédhearcachta a chuirtear ar oibreoirí líonraí príobháideacha agus bheadh gá le faisnéis a sholáthraítear trí phointí faisnéise aonair, lena n-áirítear faisnéis gheothagartha, a dhigitiú. Thairis sin, láidreofaí a thuilleadh na nósanna imeachta um cheadanna a dheonú ar an iomlán agus shainordófaí go suiteálfaí snáithín laistigh den fhoirgneamh agus caighdeáin náisiúnta maidir leis an taobh istigh d'fhoirgnimh.
- Le **Rogha 4**, sa bhreis ar a moltar i Rogha 3, leathnófaí na hoibleagáidí rochtana agus an comhordú oibreacha sibhialta chun na hoibreoirí príobháideacha uile a chumhdach, agus i gcás inarb ábhartha, chun oibreoirí áirithe neamhlíonra a chumhdach agus shainordófaí caighdeáin an Aontais maidir leis an taobh istigh d'fhoirgnimh. Leis an rogha seo, bheadh gá le hardán coiteann le haghaidh an bhonneagair fhisicigh atá ann cheana agus oibreacha sibhialta atá beartaithe agus d'fhéadfaí iarratais ar cheadanna a cheadú léi freisin.

Bheadh rialachán nua ag teastáil i gcás gach rogha seachas an chéad rogha. Ar an iomlán, is cosúil gurb í **Rogha 3** an rogha is fearr chun cothromaíocht a bhaint amach idir costais ghearrthéarmacha cur chun feidhme agus tairbhí meántéarmacha, ualaí rialála nach bhfuil gá leo a íoslaghdú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil cumarsáide leictreonaí a theorannú.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Aontaíonn na páirtithe leasmhara uile go bhfuil gá le nascacht ardcháilíochta. Feictear do ghrúpa mór oibreoirí agus formhór na gcomhlachas gnó gur gá tuilleadh comhchuibhithe agus rialála a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, ach chuir líon níos lú oibreoirí in iúl gur gá solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an gcaoi a ndéantar reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Bíonn drogall níos mó ar údaráis phoiblí ná mar a bhíonn ar oibreoirí i dtaobh bearta ar leibhéal an Aontais.

## C. Tionchair na rogha tosaíochta

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Le Rogha 3, meastar go méadófar na líonraí nua a imscarfar trí bhonneagar fisiceach a athúsáid nó oibreacha sibhialta a chomhordú go 470 000 km in ionad 250 000 km faoin mbonnlíne. Chuirfí laghdú EUR 14,5 billiún ar an gcostas a bhaineann le líonraí a imscaradh agus laghdú EUR 2,4 billiún ar na fóirdheontais phoiblí is gá. D'fhéadfaí 0,7 milliún tonna d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a sheachaint sa tréimhse go dtí 2030. Is dócha go mbeidh tairbhí sochaíocha ag baint léi, go háirithe tríd an mbearna dhigiteach uirbeach-tuaithe a laghdú agus go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ag baint léi freisin, go háirithe trí ath-infheistíocht na gcoigilteas costais sin a mheastar a bheidh ann.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Baineann costais *aonuaire* EUR 70 milliún le Rogha 3. Áirítear leis sin EUR 15 mhilliún le

| |
|---|
| haghaidh soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí agus rachaidh an chuid eile chuig rialtais phoiblí go príomha, chun nósanna imeachta um cheadanna a dheonú agus ardáin dhigiteacha a chur ar bun. Tá costas athfhillteach EUR 6-7 milliún i gceist freisin le haghaidh comhlachtaí um réiteach díospóidí agus agus pointí faisnéise aonair.<br>Tar éis an infheistíocht sin a dhéanamh áfach, meastar go go n-eascróidh coigilteas *bliantúil* EUR 40 milliún as Rogha 3 i dtaobh costas riaracháin le haghaidh oibreoirí líonraí cumarsáide leictreonaí mar gheall ar an rochtain níos fearr ar bhonneagar fisiceach agus nósanna imeachta feabhsaithe um cheadanna a dheonú. Beidh coigilteas costas oibríochtúil ann freisin i gcás údaráis phoiblí, lena n-áirítear bardais. D'fhéadfaí na tairbhí sin a leathnú dá n-úsáidfí na hardáin ceadanna ar líne in earnálacha eile, mar a dhéantar cheana i roinnt Ballstát. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Níl aon oibleagáid shonrach ann le haghaidh cuideachtaí beaga agus meánmhéide (FBManna) mar cheannaitheoirí seirbhísí gigighiotáin, agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí an difear céanna do FBManna atá ag gníomhú mar oibreoirí líonra agus a dhéanfaí do ghnólachtaí eile. Is dúshláin mhóra iad an easpa rochtana ar bhonneagar fisiceach agus na praghsanna arda ar nascacht ghigighiotáin **go háirithe le haghaidh FBManna agus seirbhísí beaga poiblí** toisc go dteorannaítear a gcumas tairbhe a bhaint as na gnóthachain táirgiúlachta a bhaineann le leathanbhanda níos tapúla agus le hard-fheidhmchláir dhigiteacha. Tá an éagsúlacht rialacha agus cleachtas ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta ina bac freisin i gcás cuideachtaí ar mian leo barainneachtaí scála a bhaint amach, agus déanann sé sin difear **d'iomaíochas san Aontas.** |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Meastar go beidh costais *aonuaire* dar luach tuairim agus EUR 35-40 milliún ag baint leis an rogha tosaíochta le haghaidh údaráis áitiúla, costais a bhainfidh go príomha le nósanna imeachta um cheadanna a dheonú agus ardáin dhigitithe ceadanna. Maidir le comhlachtaí um réiteach díospóidí agus pointí faisnéise aonair, beidh costas*aonuaire* dar luach EUR 10-15 mhilliún ann agus, mar a luadh cheana, beidh costas *athfhillteach* EUR 6-7 milliún ann.<br>Shábhálfadh údaráis áitiúla idir EUR 3 mhilliún agus EUR 4 mhilliún in aghaidh na bliana áfach dá ndéanfaí digitiú ar phróisis um cheadanna a dheonú agus mar gheall ar cheanglais chun rochtain a sholáthar ar shaoráidí poiblí nach cuid den líonra iad. Thairis sin, is féidir le buiséad náisiúnta na mBallstát a bheith ag brath ar choigilteas fóirdheontas EUR 2,4 billiún a d'fhéadfadh a bheith ann, fóirdheontais a mbeadh gá leo murach sin chun 'snáithín chomh fada leis an mbaile' a imscaradh in 90 % de theaghlaigh. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Dá ndéanfaí líonraí fíor-ardacmhainneachta a imscaradh ar bhealach níos tapúla, bunaithe ar theicneolaíochtaí atá níos tíosaí ar fhuinneamh, go háirithe snáithín agus 5G, d'éascófaí an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach san Aontas. Meastar go n-eascróidh laghdú ar an déine leictreachais in oibriú na cumarsáide leictreonaí freisin as sin agus dá bhrí sin, go rannchuideofar le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ach d'fhéadfadh sé freisin go gcuirfeadh an méadú ar an trácht sonraí in aghaidh an laghdaithe sin. Trí níos mó úsáide a bhaint as an mbonneagar fisiceach atá ann cheana agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar oibreacha sibhialta, déanfar imscaradh líonraí níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de freisin. |
| **Comhréireacht?** |
| Cuirtear gníomhaíocht spriocdhírithe beartais i láthair sa togra lena ngabhann déine atá comhréireach leis na cuspóirí atá leis. Tugtar aghaidh ann ar na réimsí ábhartha uile trí bhíthin tacar cuimsitheach beart agus déantar foráil maidir le teorainneacha chun comhréireacht a áirithiú e.g. díolúintí ó na hoibleagáidí trédhearcachta maidir le hoibreoirí |

| |
|---|
| líonra agus údaráis phoiblí agus formheas intuigthe le haghaidh ceadanna chun saincheisteanna bunreachtúla a chur san áireamh. |
| **D. Bearta leantacha** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil isteach lena ndéantar meastóireacht ar an Rialachán 5 bliana tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm. |